Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0224(COD)**

**7064/20**
**ADD 1**

**RECH 118**
**COMPET 132**
**IND 42**
**MI 92**
**EDUC 112**
**TELECOM 43**
**ENER 95**
**ENV 190**
**REGIO 38**
**AGRI 101**
**TRANS 142**
**SAN 115**
**CADREFIN 49**
**CODEC 224**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún Eorpach, bunaithe ar Airteagail 173, 182, 183 agus 188 CFAE, an togra uaidh le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh (2021-2027)[1] – (an 'Clár').

2. An 13 Meitheamh 2018, le linn an téarma pharlaimintigh dheireanaigh, cheap Parlaimint na hEorpa an Feisire Eorpach Dan NICA (S&D) ina rapóirtéir ar an gClár Réime[2]. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 17 Deireadh Fómhair 2018[3] agus thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 8-10 Deireadh Fómhair 2018[4].

3. Ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach ag an gcruinniú (Iomaíochas) a bhí aici an 30 Samhain 2018[5]. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar a tuarascáil an 12 Nollaig 2018[6]. Soláthraíodh sna doiciméid sin na sainorduithe faoi seach chun dul i mbun caibidlíocht neamhfhoirmiúil.

4. I dtreo dheireadh an téarma pharlaimintigh dheireanaigh (2014-19), bhí sé cinn de chruinnithe tríthaobhacha polaitiúla ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, (9 Eanáir, 29 Eanáir, 21 Feabhra, 7 Márta, 14 Márta agus 19 Márta 2019).

---

[1] 9865/18 + ADD 1-6
[2] Rinne an Pharlaimint a toghadh don téarma 2019-24 an ceapachán sin a dhearbhú.
[3] 13758/18
[4] 13759/18
[5] 15102/18 + ADD 1; Ní raibh HU in ann tacú leis an gcur chuige ginearálta páirteach sin.
[6] P8_TA(2018)0509

5. Tar éis chruinniú tríthaobhach polaitiúil an 19 Márta 2019, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú cuimsitheach maidir le 'Comhthuiscint', inar cumhdaíodh formhór dá raibh sa ghníomh dlí[7] cé is moite, i measc eile, d'fhorálacha cothrománacha a bhaineann leis an gcaibidlíocht ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 (CAI).

6. An 17 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh faoin ngnáthnós imeachta reachtach lena léirítear téacs na Comhthuisceana[8], rud a réitíonn an bealach do chomhaontú luath ar an dara léamh idir na comhreachtóirí.

7. An 29 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Iomaíochais cur chuige ginearálta páirteach i ndáil le haithrisí agus i ndáil le hIarscríbhinn IV maidir le sineirgí, nár chuid den Chomhthuiscint iad[9].

8. An 4 Meitheamh 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra leasaithe lena gcuirfí cistiú ar fáil ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (Next Generation EU, NGEU) do Fís Eorpach[10].

9. An 29 Meán Fómhair 2020, tar éis na gConclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Iomaíochais cur chuige ginearálta maidir le pacáiste reachtach iomlán Fís Eorpach[11], lena n-áirítear na forálacha maidir leis an mbuiséad agus maidir le NGEU, maidir le comhar idirnáisiúnta agus comhlachas tríú tíortha leis an gClár agus maidir le sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais.

---

7 7442/19. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an Chomhthuiscint an 27 Márta 2019.
8 8571/19
9 14298/1/19 REV1
10 8555/20
11 11251/20 REV1 + COR1 agus 11256/20

10. Ag eascairt as dhá chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla bhreise, a tionóladh an 6 Deireadh Fómhair 2020 agus an 10-11 Nollaig 2020, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis na saincheisteanna uile a bhí fós gan réiteach. D'fhormhuinigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) an comhaontú polaitiúil sin an 17 Nollaig 2020 agus d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe é an 18 Nollaig 2020[12].

11. I litir dar dáta an 21 Eanáir 2021, chuir Cathaoirleach Choiste ITRE in iúl do Chathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh, faoi réir fhíorúchán na ndlítheangeolaithe, go molfadh sé féin don seisiún iomlánach go nglacfaí an seasamh ón gComhairle, gan aon leasú, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

## II. CUSPÓIR

12. Is é cuspóir ginearálta an Chláir tionchar a imirt ar bhonn eolaíoch, teicneolaíoch, eacnamaíoch agus ar bhonn na sochaí a bhuí le hinfheistíochtaí an Aontais sa taighde agus sa nuálaíocht chun bunúis eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú agus iomaíochas an Aontais a chothú sna Ballstáit uile, lena n-áirítear ina chuid tionscal, tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, rannchuidiú le cuspóirí agus beartais an Aontais a ghnóthú, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí phrionsabail Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a leanúint agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú. Ar an gcaoi sin, déanfar breisluach an Aontais a uasmhéadú leis an gClár trí dhíriú ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go héifeachtach agus iad ag gníomhú ina n-aonar ach ar féidir leo iad a bhaint amach agus iad ag gníomhú i gcomhar le chéile.

12 14239/20

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Barúlacha ginearálta

13. Chuaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mbun caibidlíochta féachaint le teacht ar chomhaontú go luath le linn an dara léamh, bunaithe ar an seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh, a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas sa riocht sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí.

14. Tagann an Chomhairle leis na cuspóirí agus leis na prionsabail a leagtar amach sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus tacaíonn sí le struchtúr an Chláir, rud a rannchuideoidh leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Is féidir leis an gComhairle ailíniú iomlán a dhéanamh leis an seasamh ó Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh i dtaca le rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh chomh maith le forálacha maidir le cur chun feidhme, faireachán agus tuairisciú.

15. Tá an Chomhairle i bhfách leis go ndéanfaí réimsí le haghaidh misin fhéideartha taighde agus nuálaíochta agus réimsí le haghaidh Comhpháirtíochtaí féideartha Eorpacha institiúidithe a shainaithint in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle gur cuireadh isteach forálacha sonracha atá tiomnaithe don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach chun díriú go príomha ar an nuálaíocht cheannródaíoch shuaiteach, lena ndírítear go háirithe ar an nuálaíocht lena gcruthaítear an margadh, agus tacú ag an am céanna le gach cineál nuálaíochta, lena n-áirítear ar bhonn incriminteach.

16. Fearacht Pharlaimint na hEorpa, measann an Chomhairle gur cuid ríthábhachtach den Chlár é 'An rannpháirtíocht a leathnú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú'. A bhuí le Fís Eorpach, cuideofar le tíortha a chumhdaítear faoin leathnú cur lena rannpháirtíocht in Fís Eorpach agus clúdach geografach leathan a chur chun cinn i dtionscadail chomhoibríocha. Tacaíonn an Chomhairle le leithdháileadh 3.3 % ar a laghad de bhuiséad foriomlán Fís Eorpach ar an tsraith 'An rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a leathadh' de chuid an Chláir 'An rannpháirtíocht a leathnú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú' agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an deighilt i réimse T&N a laghdú, agus prionsabal an bharr feabhais á urramú ag an am céanna.

## B. Barúlacha sonracha

17. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach a tionóladh an 10-11 Nollaig 2020, bhí na comhreachtóirí in ann teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna seo a leanas atá fós gan réiteach:

- **Gnéithe buiséadacha:** maidir leis an imchlúdach airgeadais 'rialta', leanann an comhaontú sealadach an dáileadh mar a leagtar amach i gcur chuige ginearálta na Comhairle ar thángthas air an 29 Meán Fómhair 2020. 'Breisiú' breise ar bith a eascraíonn as corrlaigh faoi uasteorainneacha CAI agus iad siúd a eascraíonn as fíneálacha iomaíochta, chomhaontaigh na comhreachtóirí a ndáileadh a shainiú sa Rialachán. 'Breisiú' breise ar bith a eascraíonn as saoradh, tá sé beartaithe an dáileadh a dhéanamh mar ráiteas polaitiúil comhpháirteach. Thairis sin, déantar acmhainní a eascraíonn as NGEU a dháileadh go táscach sa Rialachán freisin.

- **Sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais**: leis an gcomhaontú sealadach, tugtar formhór na bhforálacha a bhaineann le sineirgí isteach in Airteagal aonair den Rialachán. Go háirithe, léirítear sa chomhaontú polaitiúil gur féidir rannchuidithe ó Chláir áirithe de chuid an Aontais a mheas mar rannchuidiú an Bhallstáit rannpháirtigh le Comhpháirtíochtaí Eorpacha.

- **Comhar agus comhlachas idirnáisiúnta tríú tíortha**: cuirtear isteach sa téacs comhréitigh forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ó thíortha comhlachaithe, léirítear ann an fhéidearthacht rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach arna rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis dhlítheanacha de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a theorannú agus coinnítear cur chuige solúbtha maidir le comhlachas páirteach tríú tíortha le Fís Eorpach.

## IV. CONCLÚID

18. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh (2021-2027) – urramaítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht, arna héascú ag an gCoimisiún Eorpach, idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

19. Iarrtar, más ea, ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

– an Ráiteas seo ar Chúiseanna na Comhairle ar a seasamh ar an gcéad léamh a fhormhuiniú, agus

– an Ráiteas sin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

20. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh ar an dara léamh, lena bhformheasfar an seasamh ón gComhairle gan aon leasú a dhéanamh air, tiocfaidh an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh (2021-2027) i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.